AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2024
COM(2024) 566 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht in 2023

CLÁR

1 AN CISTE DON NUÁLAÍOCHT 2

1.1 Rannchuidiú an Chiste don Nuálaíocht le cuspóirí beartais an Aontais 3

2 PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA AN CHISTE DON NUÁLAÍOCHT IN 2023 5

3 PRÍOMHIMEACHTAÍCUR CHUN FEIDHME IN 2023 6

3.1 Dámhachtain an tríú glao ar thionscadail ar mórscála (LSC 2022) 6

3.2 Seoladh an tríú glao ar thionscadail ar mionscála (SSC 2022) agus roghnú tosaigh na dtograí 9

3.3 Seoladh ghlao an Chiste don Nuálaíocht le haghaidh 2023 (IF23) 10

3.4 Seoladh an cheant phíolótaigh le haghaidh hidrigin mar bhreosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBO)(ceant IF23) 11

3.5 Roghnú na chéad dá thionscadal faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Catalyst 12

3.6 Cúnamh forbartha tionscadail 13

3.7 Gníomhaíochtaí comhroinnte eolais agus cumarsáide 14

3.8 Sineirgí le cistiú eile 14

4 STÁDAS CARNACH AN CHISTE DON NUÁLAÍOCHT FAOI DHEIREADH 2023 15

4.1 Forléargas ar thorthaí na nglaonna rialta ar thograí 15

4.2 Leibhéil aibíochta tionscadal, stádas cur chun feidhme agus dúshláin 16

4.3 Raon geografach 17

4.4 Na hearnálacha dá dtugtar tacaíocht 19


4.5 Astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a seachnaíodh 21

5 CONCLÚIDÍ 22

1 AN CISTE DON NUÁLAÍOCHT

Tá an Ciste don Nuálaíocht ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí tráchtála nuálacha saor ó charbón agus ísealcharbóin a léiriú. Is é is aidhm dó réitigh nua a chur ar an margadh chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) chun tacú le haistriú na hEorpa i dtreo na haeráidneodrachta. Cistítear an Ciste don Nuálaíocht le hioncam ó lamháltais CTA AE a chur ar ceant. Dá réir sin, cuirtear cistiú ar fáil ann, i bhfoirm deontas den chuid is mó, chun tacú le tionscadail i gcúig phríomhréimse (féach fíor 1 thíos). Faoin gCiste don Nuálaíocht, is trí ghlaonna iomaíocha oscailte ar thograí nó trí nósanna imeachta tairisceana iomaíocha ('ceantanna') is mó a dhámhtar cistí faoi láthair. Tacaíonn an Ciste don Nuálaíocht le tionscadail freisin trí sheirbhísí comhairleacha (Cúnamh Forbartha Tionscadail) agus trí ranníocaíochtaí le hoibríochtaí measctha le hionstraimí eile de chuid an Aontais (e.g. InvestEU).

Fíor 1: Príomhghnéithe an Chiste don Nuálaíocht



Is ar an **Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA)** sa Choimisiún Eorpach atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas an Chiste don Nuálaíocht a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá an Coimisiún freagrach freisin as cinneadh a ghlacadh maidir le méideanna an chúnaimh airgeadais a dhámhtar agus chuir sé de chúram ar an **nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)** glaonna ar thograí a sheoladh agus a mheas agus comhaontuithe deontais a bhainistiú.

Faoi Airteagal 10a(8) de Threoir CTA AE[1], tuairisceoidh an Coimisiún go bliantúil don Choiste um Athrú Aeráide maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht. Tugtar

[1] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

miondealú sa tuarascáil seo ar thionscadail ar dámhadh cistiú dóibh de réir earnála agus de réir Ballstáit, agus anailís ar an gcaoi a rannchuideoidh na tionscadail sin le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht **go dtí an 31 Nollaig 2023.**

1.1 Rannchuidiú an Chiste don Nuálaíocht le cuspóirí beartais an Aontais

Is é príomhchuspóir an Chiste don Nuálaíocht fós tacú leis an dícharbónú sna hearnálacha a chumhdaítear le CTA AE agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le gás ceaptha teasa a laghdú mar a shainmhínítear sa Dlí Aeráide Eorpach[2], agus an tráth céanna tacú le tosaíochtaí beartais práinneacha agus cabhrú leis an aistriú eacnamaíoch trí chásanna gnó nua 'tionscail ghlain' a chruthú.

- Leis na 104 thionscadal a bhí i bpunann an Chiste don Nuálaíocht faoi dheireadh 2023, meastar go seachnófar 442 mhilliún tona d'astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin (CO_2-eq) le linn a gcéad deich mbliana d'oibríochtaí, rud a chuirfidh leis na spriocanna maidir le hastaíochtaí GCT a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach a laghdú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Meastar go seachnóidh tionscadal amhail NorthSTOR+ 34.5 milliún tona CO_2-eq le linn na chéad deich mbliana den tionscadal trí chóras nuálach stórála fuinnimh suite a fhorbairt do chadhnraí litiam bunaithe ar theicneolaíocht a bhí beartaithe ar dtús do thionscadail na bhfeithiclí leictreacha.

- Dhámh an Ciste don Nuálaíocht EUR 715 mhilliún chun 16 thionscadal laistigh den earnáil hidrigine a chistiú. San iomlán, tá sé beartaithe go dtáirgfidh tionscadail i bpunann an Chiste don Nuálaíocht 6.54 milliún tona hidrigine le linn a saolré. Meastar go rannchuideoidh an figiúr sin le haidhm an Aontais dlús a chur le táirgeadh hidrigine in-athnuaite, mar a leagtar amach i reachtaíocht amhail REPowerEU[3], agus sa Treoir maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus i straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, tá sé beartaithe go dtáirgfidh an tionscadal Holland Hydrogen 1.3 milliún tona hidrigine in-athnuaite i gCalafort Rotterdam ó leictrealóir 400 MW, méid 10 n-uaire níos mó ná an méid a tháirgtear le haon leictrealóir atá suiteáilte san Eoraip faoi láthair.

- Dhámh an Ciste don Nuálaíocht cistiú deontais dar luach EUR 177 milliún do cheithre thionscadal a bhaineann le bithbhreoslaí agus bithscaglanna, rud a rannchuidíonn leis na cuspóirí maidir le breoslaí malartacha a fhorbairt a leagtar amach i Rialachán

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'), IO L 243, 9.7.2021

[3] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE, IO L 63, 28.2.2023

ReFuelEU[4] agus sa phlean gníomhaíochta bithmheatáin, agus chomh maith leis sin, a thacaíonn le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation). Mar shampla, meastar go dtáirgfidh agus go soláthróidh an tionscadal FirstBio2Shipping bithbhreosla don earnáil mhuirí ar fiú 6 mhilliún gnáthmhéadar ciúbach bithgháis in aghaidh na bliana (Nm3/bliain) é, 2 400 tona bithmheatáin in aghaidh na bliana agus 5 000 tona bith-CO_2 in aghaidh na bliana.

- Dhámh an Ciste don Nuálaíocht EUR 360 milliún ar an iomlán do 11 thionscadal a bhaineann go díreach le grianfhuinneamh, fuinneamh gaoithe agus fuinneamh geoiteirmeach. Tá tacaíocht sin an Chiste don Nuálaíocht ag rannchuidiú go díreach leis na cuspóirí atá sa Treoir maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus REPowerEU maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite a rolladh amach agus straitéis an Aontais maidir le fuinneamh amach ón gcósta a fhorbairt[5]. Go háirithe, gheobhaidh cúig thionscadal in earnáil na gaoithe EUR 135 mhilliún, rud a chuideoidh go díreach le cur in úsáid na teicneolaíochta ar a ndírítear faoi Phacáiste an Aontais um Chumhacht Ghaoithe. Mar shampla, samhail nua tuirbíní gaoithe amach ón gcósta á forbairt ag tionscadal HIPPOW sa Danmhairg. Beidh an fhréamhshamhail amháin in ann fuinneamh a sholáthar chun 7 000 teaghlach a chumhachtú in aghaidh na bliana agus d'fhéadfadh méadú 700 oiread nó níos mó a bheith ann faoi 2030.

- Dhámh an Ciste don Nuálaíocht EUR 91 mhilliún i ndeontais chun sé thionscadal a chistiú a bhaineann le stóráil leictreachais ionlae agus EUR 190 milliún ar thionscadail lena monaraítear comhpháirteanna stórála fuinnimh, rud a chuir le sprioc an Rialacháin maidir le Ceallraí[6] geilleagar ciorclach intíre a chur chun cinn le haghaidh ceallraí, mar atá léirithe ag tionscadail amhail GigaArctic, monarcha gige ceallraí ian litiam san Iorua a tháirgfidh 29 gigeavat-uair in aghaidh na bliana (GWh/y).

- Dhámh an Ciste don Nualaíocht EUR 709 milliún chun 11 thionscadal a chistiú a bhaineann le comhpháirteanna a mhonarú chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh nó chun fuinneamh a stóráil. Dhámh sé EUR 1.08 billiún freisin do shé thionscadal a bhaineann le teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin (GSC), agus EUR 3.45 billiún ar 59 dtionscadal a bhaineann le tionscail dianfhuinnimh. Dá bhrí sin, tá an Ciste don Nuálaíocht ag rannchuidiú cheana féin le cuspóirí foriomlána an Ghnímh um an

[4] Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, IO L 234, 22/09/2023

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future* [Straitéis an Aontais chun leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí aeráidneodrach], COM/2020/741 final

[6] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE, IO L 191, 28.7.2023

Tionscal Glan-nialasachta[7] agus na straitéise um Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch[8]. Sampla amháin den rannchuidiú sin is ea tionscadal HynCrease, atá ag dearadh, ag tógáil agus ag léiriú línte monaraíochta le haghaidh leictrealú agus breosla-chealla trí theicnící brataithe nuálacha agus próisis uathoibrithe a úsáid. Tógfaidh tionscadal eile, TopSOEC, saoráid monaraíochta modúl cruach cille leictrealaithe ocsaíd sholadach 500 Meigeavata. Déanfaidh tionscadal Elan ábhair graifíte anóide a mhonarú a bhfuiltear ag súil go n-úsáidfear iad in 846 000 feithicil leictreach. Ar deireadh, tá tionscadal Silverstone san Íoslainn ag úsáid gabháil CO_2 agus stóráil bhuan mianraí ar scála tráchtála.

2 PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA AN CHISTE DON NUÁLAÍOCHT IN 2023

1. Dámhachtain an tríú glao ar thionscadail ar mórscála (LSC 2022)
2. Seoladh an tríú glao ar thionscadail ar mionscála (SSC 2022) agus roghnú tosaigh na dtograí
3. Seoladh ghlao an Chiste don Nuálaíocht le haghaidh 2023 (IF23)
4. Seoladh an cheant phíolótaigh le haghaidh hidrigin RFNBO (ceant IF23)
5. Roghnú na gcéad tionscadal faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Catalyst
6. Cúnamh forbartha tionscadail breise le haghaidh tionscadal
7. Creat dlíthiúil[9] nuashonraithe chun a áirithiú go bhfuil an Ciste don Nuálaíocht: (i) ailínithe go hiomlán leis na leasuithe is déanaí ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí; agus (ii) ag baint leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhlianta tosaigh an chur chun feidhme.
8. Gníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta a chur chun feidhme maidir le hearnálacha sonracha timpeall gach glao ar thograí.

[7] Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724, IO L 2024/1735, 28.6.2024,

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Towards an ambitious Industrial Carbon Management for the EU* [I dtreo Bainistiú Carbóin Thionsclaíoch uaillmhianach don Aontas Eorpach], COM/2024/62

[9] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún, mar a tugadh cothrom le dáta an 21/11/2023.


3 PRÍOMHIMEACHTAÍCUR CHUN FEIDHME IN 2023


3.1 Dámhachtain an tríú glao ar thionscadail ar mórscála (LSC 2022)

An 3 Samhain 2022, sheol an Coimisiún an tríú glao ar thograí le haghaidh tionscadail ar mórscála faoin gCiste don Nuálaíocht, a bhfuil buiséad EUR 3 bhilliún ag gabháil leis. Díríodh an glao sin ar thionscadail a raibh caiteachas caipitiúil (CAPEX) níos lú ná EUR 7.5 milliún in aghaidh an tionscadail ag gabháil leo. Den chéad uair riamh, roinneadh an glao ina cheithre 'thopaic': (i) ginearálta, ag a bhfuil buiséad EUR 1 bhilliún; (ii) monarú teicneolaíochta glaine comhpháirteanna le haghaidh táirgeadh hidrigine, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ag a bhfuil buiséad EUR 700 milliún; (iii) leictriú nuálach in earnáil na tionsclaíochta agus táirgeadh agus úsáid nuálach hidrigine, ag a bhfuil buiséad EUR 1 bhilliún; agus (iv) tionscadail phíolótacha a thógáil agus a oibriú, ag a bhfuil buiséad EUR 300 milliún. Foilsíodh torthaí an ghlao an 13 Iúil 2023

Sna 239 dtogra a cuireadh isteach mar fhreagairt ar an nglao, iarradh deontais iomlána dar luach EUR 22.8 billiún, sé huaire níos mó ná an buiséad a bhí ar fáil. Tar éis na meastóireachta, tugadh cuireadh do 41 thogra le haghaidh phróiseas ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais. Faoi dheireadh 2023, bhí comhaontuithe deontais sínithe ag 36 thionscadal arbh fhiú EUR 3.3 billiún[10] iad i dtacaíocht iomlán. Le chéile, meastar go seachnófar leis na tionscadail ar dámhadh deontais dóibh thart ar 223 mhilliún tona d'astaíochtaí CO_2-eq le linn a gcéad deich mbliana d'oibríochtaí. Tá na chéad tionscadail le dul i mbun oibríochtaí in 2024 agus, faoi 2027, beidh tús curtha le hoibríochtaí ag níos mó ná leath díobh (64 %).

Fíor 2: Torthaí mheastóireacht LSC 2022






Dámhadh an chuid is mó de na deontais do thionscadail sa chatagóir 'tionscail dianfhuinnimh' (23 thogra, agus 66 % den bhuiséad a bhí ar fáil á iarraidh), agus bhain an chuid is mó díobh


[10] Baineadh úsáid as riail solúbthachta, lena gceadaítear méadú suas le 20 % ar an mbuiséad atá ar fáil.


leis na fochatagóirí ‘comhpháirteanna a mhonarú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite’, ‘ceimiceáin’ agus ‘hidrigin’.

Fíor 3: Catagóirí na dtionscadal ar dámhadh deontais dóibh in LSC 2022



Fíor 4: Earnálacha na dtionscadal ar dámhadh deontais dóibh in LSC 2022





Tá na tionscadail ar dámhadh deontais dóibh lonnaithe i 14 thír Eorpacha éagsúla, go háirithe an Ghearmáin (7), an Spáinn (6) agus an Iorua (5).

Fíor 5: Raon geografach na dtionscadal ar dámhadh deontais dóibh in LSC 2022





3.2 Seoladh an tríú glao ar thionscadail ar mionscála (SSC 2022) agus roghnú tosaigh na dtograí

An 30 Márta 2023 sheol an Coimisiún an tríú glao ar thograí ar mionscála, agus buiséad EUR 100 milliún aige le haghaidh tionscadal agus CAPEX measta aige idir EUR 2.5 milliún agus EUR 7.5 milliún in aghaidh an tionscadail.

Sna 72 thogra a cuireadh isteach mar fhreagairt ar an nglao sin, iarradh deontais iomlána dar luach EUR 289 milliún, beagnach trí huaire níos mó ná an buiséad a bhí ar fáil. Foilsíodh torthaí an ghlao an 19 Nollaig 2023. Tar éis na meastóireachta, cuireadh 17 dtogra arbh fhiú EUR 65.4 milliún san iomlán iad faoi bhráid phróiseas ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais. Meastar go seachnófar níos mó ná 1.8 milliún tona d'astaíochtaí CO_2-eq a bhuí leis na tionscadail roghnaithe laistigh dá gcéad deich mbliana d'oibríochtaí. Ba iad na catagóirí 'fuinneamh in-athnuaite' (8 dtionscadal) agus 'tionscal dianfhuinnimh' (7 dtionscadal) na catagóirí ba mhó ar dámhadh deontais do thionscadail iontu; bhí ionadaíocht mhaith freisin ar na catagóirí 'gloine, ceirmigh agus ábhar tógála' agus 'comhpháirt fuinnimh in-athnuaite a mhonarú', le trí thionscadal an ceann. Léiríonn an fócas sin fócas na dtionscadal ar mórscála agus léiríonn sé na riachtanais éagsúla sna hearnálacha éagsúla ó thaobh mhéid an tionscadail de.


Fíor 6: Earnálacha na dtionscadal roghnaithe in SSC 2022






Maidir le hionadaíocht gheografach, rinne tionscadail ó 23 thír incháilithe iarratas ar thacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht faoin nglao seo, rud a léiríonn raon geografach leathan i dtéarmaí na tacaíochta is gá chun an teicneolaíocht ghlan agus tionscal glas an Aontais a mhaoiniú. Tar éis na meastóireachta, dámhadh tacaíocht do thionscadail ó 10 dtír éagsúla, agus ba í an Iodáil (5) a bhí freagrach as formhór na dtionscadal.

Fíor 7: Tíortha na dtionscadal roghnaithe in SSC 2022





Ós rud é gur dámhadh cistiú do na tionscadail in R2 2024, beidh tuilleadh sonraí faoi thorthaí an ghlao sin i dTuarascáil Bhliantúil 2024 an Chiste don Nuálaíocht.

3.3 Seoladh ghlao an Chiste don Nuálaíocht le haghaidh 2023 (IF23)

Seoladh an glao an 23 Samhain 2023 le buiséad EUR 4 bhilliún chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha dícharbónaithe a chur in úsáid.

Ba é an glao seo an chéad cheann a chuir ábhair le chéile le haghaidh méideanna éagsúla tionscadal agus téamaí éagsúla:

- ‘Dícharbónú ginearálta’ (ar mórscála) - EUR 1.7 billiún ar fáil i gcomhair tionscadail a bhfuil CAPEX os cionn EUR 100 milliún acu.

- ‘Dícharbónú ginearálta’ (ar mheánscála) - EUR 500 milliún ar fáil i gcomhair tionscadail a bhfuil CAPEX idir EUR 20 milliún agus EUR 100 milliún acu.

- ‘Dícharbónú ginearálta’ (ar mionscála) - EUR 200 milliún ar fáil i gcomhair tionscadail a bhfuil CAPEX idir EUR 2.5 milliún agus EUR 20 milliún acu.

- ‘Monaraíocht teicneolaíochta glaine’ - EUR 1.4 billiún ar fáil i gcomhair tionscadail a bhfuil CAPEX os cionn EUR 2.5 milliún acu lena ndírítear ar mhonarú comhpháirteanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, teaschaidéal agus táirgeadh hidrigine.

- ‘Tionscadail phíolótacha’ - tá EUR 200 milliún ar fáil i gcomhair tionscadail a bhfuil CAPEX os cionn EUR 2.5 milliún acu lena ndírítear ar dhícharbónú domhain. Measadh go gcuireann na tionscadail phíolótacha leibhéal níos airde nuálaíochta ar fáil, mar a léirítear i dtimpeallacht oibríochtúil, ach ní rabhthas ag súil go léireodh siad táirgeadh tráchtála ar mórscála go fóill.

Roghnaíodh na tionscadail ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas: an cumas astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; méid na nuálaíochta; aibíocht; inmhacasamhlaitheacht; agus cost-éifeachtúlacht. Tar éis an athbhreithnithe is déanaí ar Threoir an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí[11], cuireadh an glao sin ar fáil freisin d’earnálacha na mara, an iompair de bhóthair agus na tógála. Gné nua eile ab ea ‘pointí bónais’ a thabhairt isteach, ar féidir le cineálacha áirithe tionscadal cáiliú dóibh.

Dúnadh an glao an 8 Aibreán 2024 agus meastar go bhfoilseofar na torthaí faoi dheireadh 2024. Dá bhrí sin, beidh torthaí an ghlao sin le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil 2024 an Chiste don Nuálaíocht. Den chéad uair, gheobhaidh tionscadail a chuirtear isteach faoin nglao seo agus a sháraíonn na tairseacha meastóireachta Séala STEP[12].

3.4 Seoladh an cheant phíolótaigh[13] le haghaidh hidrigin mar bhreosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBO)(ceant IF23)

An 23 Samhain 2023, sheol an Coimisiún an chéad cheant riamh chun hidrigin RFNBO a tháirgeadh faoin gCiste don Nuálaíocht agus mar chuid d’ionstraim mhaoinithe an Bhainc

[11] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa

[12] Lipéad cáilíochta nua an Aontais le dámhachtain do thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Is é is aidhm do Shéala STEP rochtain a éascú ar dheiseanna breise a bhaineann le tacaíocht phoiblí agus phríobháideach do na tionscadail sin.

[13] Measadh gur ceant ‘píolótach’ a bhí sa chéad cheant sin, agus bhí na ceachtanna a foghlaimíodh uaidh le cur chun feidhme i gceantanna leantacha.

Eorpaigh Hidrigine[14]. Ba iad seo a leanas príomhchuspóirí an cheant sin le haghaidh hidrigin in-athnuaite: (i) an bhearna idir costais táirgthe agus toilteanas íocaíochta ar thaobh an éilimh a laghdú; (ii) tacú leis an sásra praghas-aimsithe agus le foirmiú margaidh; (iii) cuidiú le tionscadail a dhí-rioscú agus infheistíocht phríobháideach a shlógadh; agus (iv) an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú i gcomparáid le gnáthghlaonna ar thograí.

Bhí buiséad EUR 800 milliún ag an gceant píolótach agus dearadh é chun tacú le táirgeoirí hidrigine RFNBO atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Beidh an tacaíocht i bhfoirm íocaíocht préimhe seasta ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Ní bhfaighidh tionscadail an tacaíocht ach amháin tar éis táirgeadh deimhnithe agus fíoraithe hidrigine in-athnuaite. Dúnadh an ceant an 8 Feabhra 2024 agus cuireadh 132 thairiscint isteach ó 17 mBallstát éagsúla.

Den chéad uair, bhain an ceant úsáid as scéim ‘ceantanna mar sheirbhís’, rud a chuir ar a gcumas do na Ballstáit tacú le tionscadail ina gcríoch a chomhlíon na critéir ach nár roghnaigh an Ciste don Nuálaíocht mar gheall ar shrianta buiséadacha. Ba í an Ghearmáin an chéad Bhallstát a chuir an scéim ‘ceantanna mar sheirbhís’ i bhfeidhm trí EUR 350 milliún breise i dtacaíocht bhuiséadach a chur ar fáil do thionscadail Ghearmánacha.

Dá bhrí sin, beidh torthaí an ghlao sin le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil 2024 an Chiste don Nuálaíocht.

3.5 Roghnú na chéad dá thionscadal faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Catalyst

I dteannta na nglaonna ar thograí agus an cheant le haghaidh hidrigin in-athnuaite, thacaigh an Ciste don Nuálaíocht leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Catalyst le buiséad EUR 220 milliún (sa bhreis ar EUR 200 milliún ón gclár Fís Eorpach) trí bhreisiú Préimhe Glaise ar ráthaíocht InvestEU.

Sheol an tUachtarán Ursula von der Leyen, an tUachtarán Werner Hoyer, agus bunaitheoir Breakthrough Energy Bill Gates an chomhpháirtíocht in 2021 ag COP26 i nGlaschú. Is é is aidhm di tionscadail teicneolaíochta glaise ar mórscála a fhorbairt atá bunaithe san Eoraip agus borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí aeráide criticiúla. Cuirtear an chomhpháirtíocht chun feidhme faoin gcomhpháirtíocht idir Breakthrough Energy agus Catalyst, lena soláthraítear cothromas agus deontais do na tionscadail roghnaithe, agus tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), lena soláthraítear maoiniú fiachais cuasachothromais/fhiontair (le tacaíocht ó ráthaíocht InvestEU breisiúcháin préimhe glaise), arna chomhlánú le deontais ón gclár Fís Eorpach. Is é seo an chéad taithí atá ag an gCiste don Nuálaíocht ar chistiú i sineirge le hionstraimí eile de chuid an Aontais.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine COM/2023/156 final

Le linn COP28 i mí na Nollag 2023, d'fhógair an chomhpháirtíocht tacaíocht dá chéad dá thionscadal:

- Ottana (Energy Dome): D'fhorbair Energy Dome an ceallra CO_2 sa tSairdín mar chuid dá theicneolaíocht stórála fuinnimh fadtréimhseach bunaithe ar CO_2 leachtaithe. Dhámh BEI iasacht fiachais fiontair dar luach EUR 25 mhilliún don tionscadal sin, le tacaíocht ó ráthaíocht InvestEU ón gCiste don Nuálaíocht.
- FlagshipOne (Ørsted)[15]: Lonnaithe sa tSualainn agus faoi úinéireacht chuideachta fuinnimh na Danmhairge Ørsted, bhíothas ag súil go n-úsáidfeadh an tionscadal CO_2 bithghineach gafa agus hidrigin in-athnuaite chun thart ar 55 000 tona de mheatánól leictreonach a tháirgeadh gach bliain do thionscal na loingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurb í an tsaoráid táirgthe meatánóil leictreonaigh chomhtháite is mó san Eoraip í.

Tráth a foilsíodh an tuarascáil seo, roghnaíodh an tríú tionscadal, Rondo, lena mbaineann teicneolaíocht 'cumhacht chun teasa', le haghaidh tacaíocht faoin gcomhpháirtíocht, agus bhí measúnú á dhéanamh ar thionscadail eile freisin.

3.6 Cúnamh forbartha tionscadail

Cuireann clár cúnaimh forbartha tionscadail de chuid an Chiste don Nuálaíocht tacaíocht shaincheaptha ar fáil do thionscadail a bhfuil gealladh fúthu, nach bhféadfaí a roghnú mar gheall ar a leibhéal aibíochta níos ísle, i bhfoirm seirbhísí comhairleacha. Féachann cúnamh forbartha tionscadail le cuidiú leis na tionscadail sin nár éirigh leo a dtograí tionscadail a aibiú a thuilleadh, rud a éascaíonn iarratais a d'fhéadfadh a bheith rathúil ar ghlaonna ón gCiste don Nuálaíocht ina dhiaidh sin chomh maith le cistiú eile. Is é BEI a chuireann cúnamh forbartha tionscadail chun feidhme.

In 2023 chuir an Coimisiún cúnamh forbartha tionscadail ar fáil do 26 thionscadal, a bhí faoi dheireadh na bliana ag fanacht le síniú an chomhaontaithe cúnaimh forbartha tionscadail nó a bhí gcur chun feidhme. Ó cuireadh tús leis an gclár, tá comhaontú tacaíochta sínithe ag 39 dtionscadal agus tá 32 thasc cúnaimh forbartha tionscadail curtha i gcrích.

Ba léir tionchar dearfach an chúnaimh forbartha tionscadail in 2023. Tionscadal a rinne iarratas ar ghlao LSC 2020 agus nár éirigh leis, roghnaíodh faoi ghlao LSC 2022 é, agus roghnaíodh trí thionscadal eile ó LSC 2020 freisin. Ar an gcaoi chéanna, roghnaíodh tionscadal nár éirigh leis ó SSC 2021 nuair a rinneadh iarratas eile ar SSC 2022.

Chomh maith le cur ar a gcumas d'úinéirí tionscadail feabhas a chur ar a dtogra d'fhonn iarratas rathúil a dhéanamh ar an gCiste don Nuálaíocht amach anseo, éascaíonn cúnamh forbartha tionscadail rochtain ar dheiseanna cistithe eile freisin. Mar shampla, cuireadh dhá thionscadal a fuair tacaíocht ó chúnamh forbartha tionscadail san áireamh i liosta na dtionscadal leasa choitinn, fuair dhá thionscadal eile a cistíodh faoin gcomhpháirtíocht idir Breakthrough Energy agus Catalyst (lena n-áirítear tionscadal Ottana, a dámhadh deontas dó faoi chomhpháirtíocht

[15] Tráth fhoilsiú na tuarascála seo, d'fhógair Ørsted go mbeadh deireadh á chur leis an tionscadal.

AE-Catalyst) tacaíocht cúnaimh forbartha tionscadail ó BEI, agus fuair ceithre thionscadal breise dámhachtainí deontais náisiúnta nó aitheantas tuillte.

3.7 Gníomhaíochtaí comhroinnte eolais agus cumarsáide

Is cuid ríthábhachtach den Chiste don Nuálaíocht í comhroinnt eolais toisc go dtacaíonn sé le macasamhlú agus dul i bhfód níos tapúla ar an margadh na dteicneolaíochtaí nó na réiteach a dtacaíonn an Ciste don Nuálaíocht leo, agus tá sé níos éasca dá bharr aiseolas beartais a chur ar fáil.

Le linn 2023, lean an Ciste don Nuálaíocht de cheardlanna téamacha um chomhroinnt eolais a eagrú, rud a d'éascaigh plé earnála agus malartú feasa gnó i measc na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht. Reáchtáladh ceithre imeacht comhroinnte eolais le linn na bliana maidir leis na nithe seo a leanas: margadh iompair agus stórála CO_2 a chruthú mar aon le tionscadail ábhartha ó chiste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (30 Márta); hidrigin (19 Meán Fómhair); stóráil fuinnimh (10 Deireadh Fómhair); agus teicneolaíochtaí CCS (imeacht iata an 28 Samhain).

An 19 Eanáir 2023, d'eagraigh an Coimisiún, in éineacht le CINEA, comhdháil na teicneolaíochta glaine 2023 faoin gCiste don Nuálaíocht. Mheall an ócáid lucht déanta beartas, infheisteoirí, ceannairí tionscail agus páirtithe leasmhara eile, a d'ardaigh feasacht i measc airgeadaithe poiblí agus príobháideacha faoi na deiseanna gnó iomadúla a chuireann an Ciste don Nuálaíocht ar fáil. Le linn an imeachta, bhí 120 rannpháirtí ar an láthair san iomlán agus bhí thart ar 2 000 rannpháirtí ar líne nasctha leis an mbeoshruth, rud a léirigh for-rochtain an imeachta le réimse páirtithe leasmhara agus iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tar éis glaonna a oscailt, d'eagraigh an Coimisiún agus CINEA ceardlanna iomadúla chun téacsanna glaonna a chur i láthair, treoir a thabhairt maidir leis an bpróiseas iarratais, agus aon cheist a fhreagairt i ndáil leis na glaonna faoi seach.

D'eagraigh an Coimisiún cruinnithe débhliantúla rialta ghrúpa saineolaithe an Chiste don Nuálaíocht in 2023 (an 29 Márta agus an 6 Deireadh Fómhair). Ba é aidhm na gcruinnithe sin ionchur a bhailiú ó na Ballstáit agus ó ionadaithe tionscail maidir le cur chun feidhme le linn na bliana agus maidir le treoshuíomhanna an Chiste don Nuálaíocht amach anseo.

3.8 Sineirgí le cistiú eile

Is é is aidhm don Chiste don Nuálaíocht sineirgí agus comhoiriúnacht le hionstraimí tacaíochta infheistíochta eile a áirithiú, mar shampla sineirgí réamhtheachtacha féideartha idir é agus clár réime an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht (i.e. Fís 2020 agus Fís Eorpach). Chun sineirgí den sórt sin a chothú, rinneadh iarrachtaí sonracha éagsúla le linn 2023.

Mar shampla, spreag roinnt ábhar ábhartha i gclár oibre Fís Eorpach 2023-2024 (go háirithe faoi bhraislí 4 agus 5) iarratasóirí chun straitéis maidir le cásanna gnó agus staidéar féidearthachta a áireamh ina dtogra a d'fhéadfadh an bealach a réiteach ina dhiaidh sin d'iarratais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar an gCiste don Nuálaíocht. Thairis sin,

áiríodh i gclár oibre 2023 don chúigiú braisle topaic a bhí tiomnaithe do thacú le cúig ghníomhaíocht chomhordaithe agus tacaíochta arb é is aidhm dóibh sineirgí a chur chun cinn idir tionscadail Fís agus an Ciste don Nuálaíocht. Cuireadh tús leis na cúig ghníomhaíocht chomhordaithe agus tacaíochta uile i mí Eanáir 2023.

Thairis sin, an 8 Feabhra 2023 d'eagraigh an Ciste don Nuálaíocht an Clár Réime Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht (T&N) – Ceardlann Sineirgí an Chiste don Nuálaíocht, inar tugadh le chéile rannpháirtithe ó thionscadail aibí T&N arna gcistiú faoi chláir chistithe T&N an Aontais (go háirithe Fís 2020) chun féachaint ar dheiseanna cistithe faoin gCiste don Nuálaíocht chun a dteicneolaíochtaí a chur in úsáid.


4 STÁDAS CARNACH AN CHISTE DON NUÁLAÍOCHT FAOI DHEIREADH 2023

4.1 Forléargas ar thorthaí na nglaonna rialta ar thograí

Faoi dheireadh 2023, bhí seacht nglao rialta ar thograí agus nós imeachta tairisceana iomaíoch amháin eagraithe cheana féin ag an gCiste don Nuálaíocht. Mar thoradh air sin, bhí comhaontuithe deontais sínithe ag 104 thionscadal ar an iomlán arbh fhiú EUR 3.3 billiún ar a mhéad iad, agus roghnaíodh 17 dtionscadal breise agus bhí comhaontú deontais á ullmhú acu lena shíniú[16]**.** Na glaonna i gceist, bhí siad uile ró-shuibscríofa nuair a cuireadh na tograí a fuarthas i gcomparáid leis an mbuiséad a bhí ar fáil (12 uair níos mó ar an meán i gcás tionscadal ar mórscála, nó 5.3 uair níos mó i gcás tionscadal ar mionscála). Léirítear sa ghraf seo a leanas, áfach, go raibh laghdú ar an líon iarratas a cuireadh isteach ar ghlaonna ar mionscála ar an gcéad ghlao: d'fhéadfaí é sin a mhíniú leis an tairseach uasta CAPEX réasúnta íseal de EUR 7.5 milliún agus leis an bhfíoras gur minic a bhaineann tionscadail den mhéid sin tairbhe as cistiú náisiúnta faoi réir níos lú iomaíochta agus le nósanna imeachta iarratais níos éasca.

[16] Ní raibh na tionscadail sin, a roghnaíodh faoi SCC 2022, fós le dámhachtainí a fháil faoi dheireadh 2023 agus, dá bhrí sin, beidh siad le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil 2024 an Chiste don Nuálaíocht.


Fíor 8: Meastóireacht ar thorthaí rannpháirtíochta – Glaonna rialta ar thograí ón gCiste don Nuálaíocht




4.2 Leibhéil aibíochta tionscadal, stádas cur chun feidhme agus dúshláin

Faoi dheireadh 2023, bhí deireadh airgeadais bainte amach ag 39 dtionscadal san iomlán i bpunann an Chiste don Nuálaíocht agus bhí tús curtha le hoibríochtaí cheana féin ag 12 thionscadal. Ar an meán, tá sé beartaithe ag tionscadail mhórscála deireadh na bliana airgeadais a bhaint amach laistigh de 20 mí tar éis an comhaontú deontais a shíniú (go maith laistigh den teorainn éigeantach 4 bliana dá dtagraítear in Airteagal 11(1), litir c) de Rialachán Tarmligthe an Chiste don Nuálaíocht) agus tús a chur le hoibríochtaí laistigh de 49 mí. I gcás tionscadail ar mionscála, is iad 15 mhí agus 31 mhí na meánluachanna faoi seach. Faoi dheireadh 2023, bhí deontas EUR 120.9 milliún san iomlán eisíoctha ag an gCiste don Nuálaíocht le tionscadail.

Fíor 9: Leibhéil aibíochta tionscadal i bpunann an Chiste don Nuálaíocht faoi dheireadh 2023





D'ainneoin aibíocht agus cáilíocht nach beag na dtionscadal a roghnaíodh, baineann rioscaí áirithe le teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt a thagann chun cinn uaireanta le linn an chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé go leasófaí an comhaontú deontais nó go gcuirfí deireadh le tionscadal mar thoradh air sin.

Ó bunaíodh é, tá leasú déanta ag an gCiste don Nuálaíocht ar 45 chomhaontú deontais. Tá moilleanna sceidil tabhaithe ag beagnach 30 % de na cásanna mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Cúiseanna coiteanna eile as a n-eascraíonn moilleanna ar cheadú, athruithe a

dhéanann difear do chuibhreannas tionscadail, dúshláin maidir le cistiú a fháil, agus athbhreithnithe ar ghnéithe neamhshubstaintiúla airgeadais nó teicniúla.


In 2023, níor cuireadh deireadh le comhaontuithe deontais ach le haghaidh dhá thionscadal[17]:

- BIOZIN (a roghnaíodh faoi SSC 2020, a foirceannadh i mí Iúil 2023). Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal an chéad ghléasra bithbhreosla intiteáin a fhorbairt ar scála tráchtála, trí úsáid a bhaint as Hidreapirealú agus Hidrithiontú Comhtháite dílseánach Shell (IH2). D'athraigh an forbróir a thosaíochtaí gnó tar éis athmheasúnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht.
- BCP (a roghnaíodh faoi SSC 2020, a foirceannadh i mí na Samhna 2023). Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal dramhtheas ó mhúch foirnéise a aisghabháil agus a athúsáid sa phróiseas táirgthe gloine ar snámh. Níor éirigh leis an tionscadal éiginnteacht a shárú maidir leis an áit a mbeadh na gléasraí lonnaithe sa deireadh.

4.3 Raon geografach


Tá 55 % de na tionscadail lonnaithe i gcúig thír: an Spáinn (17), an tSualainn (11), an Ghearmáin (12), an Fhrainc (10), agus an Ísiltír (8). Mar sin féin, léiríonn an sciar i dtéarmaí deontas a dámhadh cás difriúil, agus na tionscadail Ghearmánacha ag fáil an chuid is mó de na cistí (EUR 1.07 billiún), agus ina dhiaidh sin an tSualainn (EUR 964 mhilliún) agus an Bheilg (EUR 670.7 milliún). Tá an líon tionscadal sa phunann ó oirthear agus lár na hEorpa fós réasúnta íseal.

Fíor 10: Raon geografach na dtionscadal i bpunann an Chiste don Nuálaíocht[18]




[17] Sa dá chás, ní dhearnadh aon eisíocaíocht tráth an fhoirceanta. Fabhróidh cistí neamh-eisíoctha ar ais chuig buiséad an Chiste don Nuálaíocht.


[18] Ní raibh ach tionscadail a raibh comhaontuithe deontais sínithe acu (faoi dheireadh 2023, bhí tionscadail a roghnaíodh faoi SSC 2022 fós lena gcomhaontuithe deontais a shíniú).



Is féidir raon geografach chistiú an Chiste don Nuálaíocht a chur i gcomparáid freisin i dtéarmaí OTI ualaithe agus sciar margaidh CTA AE i ngach ceann de na tíortha. Ón taobh sin de, is féidir a mheas go bhfuil tíortha amhail an Ghearmáin, an Iodáil, Éire agus an Ostair fós faoi ghannionadaíocht ó thaobh an mhéid cistithe a dhámhtar laistigh dá gcríoch.


Fíor 11: Comparáid idir deontais arna ndámhachtain in aghaidh na tíre agus sciar gach tíre de OTI na hEorpa agus CTA AE






Cé go bhfuil dlúthfhaireachán á dhéanamh ar rannpháirtíocht éifeachtach gheografach sa Chiste don Nuálaíocht, tá sé róluath teacht ar chonclúidí faoin gcaoi a ndearnadh cur chun feidhme atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de. In 2023, dhámh LSC 2022 deontais do shé thionscadal ar mórscála i gcúig thír nua (an Ostair, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, Éire) agus roghnaigh SSC 2022 na chéad tionscadail ar mionscála sa Danmhairg, sa Ghréig, san Ungáir agus sa Laitvia.

Fíor 12: **Tograí inghlactha agus incháilithe a fuarthas in aghaidh na tíre agus an ghlao**






Mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar an bhfíric go bhfuil níos lú iarratas ag roinnt Ballstát agus níos lú tionscadail ar dámhadh deontais dóibh (mar a léirítear sa ghraf thuas), tá roinnt tionscnamh á gcur chun cinn ag an gCiste don Nuálaíocht chun cuidiú leis na Ballstáit cáilíocht na n-iarratas ar thionscadail a mhéadú agus ar an gcaoi sin an chothromaíocht gheografach a fheabhsú. Áirítear orthu sin cúnamh forbartha tionscadail, cúnamh teicniúil tiomnaithe do Bhallstáit a bhfuil rannpháirtíocht ísealéifeachtach acu, agus seisiúin oiliúna thiomnaithe do phointí teagmhála náisiúnta.

Tá cúnamh forbartha tionscadail á thairiscint ag an gCiste don Nuálaíocht in éineacht le seisiúin oiliúna do NCPanna chun cabhrú le cothromaíocht gheografach a bhaint amach ar fud na hEorpa. Mar a thaispeántar sa ghraf thuas, áfach, bhí sé dúshlánach an sprioc sin a bhaint amach ó thaobh na n-iarratas a fuarthas agus na dtionscadal ar dámhadh deontais dóibh. Dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar Rialachán Tarmligthe an Chiste don Nuálaíocht chun cúnamh teicniúil do Bhallstáit a bhfuil rannpháirtíocht íseal éifeachtach acu a chur san áireamh. Is é is aidhm dó sin acmhainneachtaí Ballstát sonrach a neartú chun tacú le hiarratasóirí tionscadail laistigh dá gcríocha trí mheasúnú riachtanas agus trí réitigh a chur chun feidhme chun bearnaí a líonadh.

4.4 Na hearnálacha dá dtugtar tacaíocht


Leis an gCiste don Nuálaíocht, cuirtear na tionscadail i bpunann an chiste ina gceithre phríomhchatagóir: (i) gabháil carbóin agus stóráil gheolaíoch (GSC); (ii) tionscail dianfhuinnimh; (iii) stóráil fuinnimh; agus (iv) fuinneamh in-athnuaite. Is féidir tionscadail a aicmiú freisin sa chúigiú catagóir hibrideach i gcásanna ina gcomhcheanglaíonn siad teicneolaíochtaí gabhála carbóin agus gníomhaíochtaí dícharbónaithe tionsclaíocha. Faoi dheireadh 2023, aicmíodh formhór na dtionscadal a fuair tacaíocht mar thionscadail dianfhuinnimh, agus dámhadh 53 % d'iomlán na ndeontas do 59 dtionscadal.


Fíor 13: Catagóirí de thionscadail ar dámhadh deontais dóibh



Is iad seo a leanas na hearnálacha ina bhfuil an líon is mó tionscadal i bpunann an Chiste don Nuálaíocht: hidrigin (16), stroighin & aol (12), monarú comhpháirteanna fuinnimh in-athnuaite (11), agus ceimiceáin (10). Dámhadh an tacaíocht cistithe is mó (EUR 1.9 billiún) d'earnáil na stroighne agus an aoil, earnáil atá dian ar chistiú mar gheall ar a spleáchas trom leanúnach ar theicneolaíochtaí GSC chun dícharbónú a dhéanamh.

Fíor 14: Earnálacha na dtionscadal ar dámhadh deontais dóibh






4.5 Astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a seachnaíodh

Leis na 104 thionscadal i bpunann 2023 an Chiste don Nuálaíocht, meastar go seachnófar 442 mhilliún tona CO_2-eq san iomlán le linn a gcéad deich mbliana d'oibríochtaí, arb ionann é agus EUR 68 de chistiú deontais ar an meán in aghaidh an kg de CO_2-eq a sheachaint.

Fíor 15: Astaíochtaí a bhfuiltear ag súil go seachnófar iad le linn na chéad deich mbliana de na hoibríochtaí



5 CONCLÚIDÍ

Tá an Ciste don Nuálaíocht ina phríomhionstraim chun aeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050, chun tacú leis an uaillmhian ghlan-nialasach, chun teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Faoi dheireadh 2023, leis na 104 thionscadal ar dámhadh tacaíocht deontais ón gCiste don Nuálaíocht dóibh ar fiú beagnach EUR 6.5 billiún iad ar fud 20 earnáil, bhí coinne go seachnófar 442 mhilliún tona CO_2-eq le linn a gcéad deich mbliana d'oibríochtaí. Mar thagairt, is ionann sin agus thart ar 14 % d'astaíochtaí GCT iomlána an Aontais in 2022.

Bíonn glaonna ar thionscadail ar mórscála de chuid an Chiste don Nuálaíocht ró-shuibscríofa i dtéarmaí an líon tograí a fhaightear agus i dtéarmaí na dtograí sin a ndéantar meastóireacht dhearfach orthu (ar an meán, ró-shuibscríofa 3.25 uair i gcás na dtograí sin). Léiríonn sé sin an tsuim mhór atá sa Chiste ar an margadh Eorpach agus cinntíonn sé leibhéil arda iomaíochta i measc na dtionscadal. Mar sin féin, léirítear ann freisin go bhfuil géarghá leis an gcineál sin cistiúcháin ar leibhéal an Aontais chun dlús a chur leis an aistriú glas. D'éirigh go maith le LSC 2022 freisin, fuair sé 239 n-iarratas as a raibh 81 acu os cionn na n-íostairseach meastóireachta, agus dámhadh 36 acu ar deireadh. Ba rud dearfach é an glao sin a eagrú i gceithre thopaic éagsúla ó thaobh iomaíocht a chothú idir piarthionscadail, agus dá bhrí sin rinneadh é a mhacasamhlú i nglao IF23, ina raibh na ceithre thopaic ró-shuinscríofa arís.

Mar sin féin, bhí an t-ús ar ghlaonna ar mionscála níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. D'fhéadfaí é sin a mhíniú leis an tairseach réasúnta íseal le haghaidh CAPEX uasta de EUR 7.5 milliún mar is minic a bhaineann tionscadail den mhéid sin tairbhe as cistiú náisiúnta faoi réir níos lú iomaíochta agus le nósanna imeachta iarratais níos éasca. Ar an gcúis sin, ceapadh IF23 chun topaicí le haghaidh tionscadail de thrí mhéid éagsúla (mór, meánmhéide, beag) a chur san áireamh, agus méadaíodh an uasteorainn 'bheag' go CAPEX de EUR 20 milliún.

In 2023, d'éirigh leis an gCiste don Nuálaíocht sásraí leithdháilte nua a chur chun feidhme agus bhí sé in ann nós imeachta tairisceana iomaíoch a chur in úsáid, níos tapúla na riamh, chun tacú le táirgeoirí hidrigine RFNBO in LEE, mar aon leis an bhféidearthacht do na Ballstáit acmhainní breise a chomhthiomsú tríd an scéim 'ceantanna mar sheirbhís', rud a d'éascódh imréiteach do státchabhair. Tá an Ciste don Nuálaíocht ag rannchuidiú freisin le cistiú a mheascadh le hionstraimí eile de chuid an Aontais tríd an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Catalyst, rud a chuireann ar chumas tionscadail áirithe maoiniú fiachais fiontair a fháil ó BEI faoin gclár InvestEU.

Ina theannta sin, faoi ghlaonna 2022 ar thograí, chuir an Ciste don Nuálaíocht feabhas leanúnach ar a chothromaíocht gheografach trí thionscadail a dhámhachtain i roinnt tíortha nua den chéad uair. Dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar Rialachán Tarmligthe an Chiste don Nuálaíocht chun cúnamh teicniúil do Bhallstáit a bhfuil rannpháirtíocht ísealéifeachtach acu a chur san áireamh. Chun acmhainneachtaí Ballstát sonrach a neartú chun tacú le hiarratasóirí tionscadail laistigh dá gcríocha trí mheasúnú riachtanas agus trí réitigh a chur chun feidhme chun bearnaí a líonadh.

Tháinig an clár cúnaimh forbartha tionscadail a chuir BEI chun feidhme ar an bhfód in 2021. Faoi dheireadh 2023, bhí sé fós ag cabhrú le 17 dtionscadal a ndearadh a mhionchoigeartú agus iad a fhágáil aibí go leor chun iarratas a dhéanamh ar chistiú agus chun cistiú a fháil. Mar thoradh air sin, chuir cúig thionscadal a cuireadh isteach arís feabhas ar a dtorthaí agus roghnaíodh iad le haghaidh cistithe ón gCiste don Nuálaíocht.

I rith na bliana, chomhlíon an Ciste don Nuálaíocht a ghealltanais maidir le comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: sineirgí le foinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais; laethanta faisnéise a eagrú dá ghlaonna agus d'imeachtaí comhroinnte eolais idir a thionscadail a fhaigheann tacaíocht agus na príomhpháirtithe leasmhara earnála; agus uirlisí faisnéise inrochtana a úsáid chun feidhmchláir nua a éascú. Rinne an Ciste don Nuálaíocht a nósanna imeachta iarratais a shimpliú freisin. In 2023, simplíodh an mhodheolaíocht chun 'costais ábhartha' a ríomh tríd an líon modheolaíochtaí a bhí ar fáil a laghdú ó thrí cinn go dhá cheann (an 'meánchostas' a tharraingt siar) agus trí mhodheolaíocht réamhshocraithe a dhéanamh den 'ghléasra gan tagairt'. Chuidigh forbairt ceantanna le linn 2023 freisin le sásraí dámhachtana a chur chun feidhme lena gcuirtear ualach riaracháin níos lú ar iarratasóirí.

Tá an Ciste don Nuálaíocht ag leanúint dá chuid oibre in 2024 trí ghlao IF23 a dhámhachtain agus trí cheant IF23; agus tá scéimeanna 'ceantanna mar sheirbhís' á bhforbairt aige freisin a d'fhéadfadh cuidiú le buiséid bhreise na mBallstát a ghiaráil dá ionstraimí. Leanfaidh an Ciste de bheith ina phríomhionstraim chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheartais phráinneacha agus iarratais á n-éascú leis freisin trí chur in úsáid cistí a shimpliú agus dlús a chur leis.